Déan cúram cuí den sábháilteacht i gcónaí trína chinntiú go mbaineann an páiste feidhm as cleachtais shábháilte.

SEACHTAIN 1: TÉAMH SUAS 1 (GRÚPAÍ)

Moltaí:

Ar an gcéad lá, is leor **an Téamh Suas** amháin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. **Tús maith, leath na hoibre.**

Is fiú 10 nóiméad a chaitheamh sa seomra ranga **roimh** dul go dtí an clós / an halla chun

a) an tionsnamh seo a mhíniú don rang
b) ghríosadh chun tréan iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a úsáid i rith an cheachta
c) an Ghaeilge a theagasc agus a chleachtadh leis an rang.

Téamh Suas 1 – Grúpaí lth 21 Lámha in Airde **Treoracha**	**<u>Teanga</u> atá <u>Riachtanach</u> chun an Téamh Suas a chur i bhfeidhm**	**Teanga Chomhlántach chun <u>cumarsáid</u> a chinntiú as Gaeilge i measc na bpáistí**
a) Sa halla / sa chlós - Beidh ar na páistí stopadh ar an spota nuair a chloiseann siad an fheadóg. b) Beidh cead acu rith i ngach treo laistigh den spás atá ceadaithe. c) Nuair a shéidfidh an múinteoir an fheadóg glaofaidh sé/sí amach "*<u>ceathrar</u> sa ghrúpa" (beirt, seisear, cúigear, triúr, duine amháin*) agus déanfaidh an rang grúpaí den mhéad sin.	*An bhfuil na bróga reatha dúnta?* *Bígí ag éisteacht don fheadóg.* *Bígí cúramach.* *X, ní raibh tú ag éisteacht. Tar anseo.* *Stopaigí ar an spota nuair a chloiseann sibh an fheadóg.* *Bígí ag comhaireamh le chéile os ard –* ***duine, beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear, seachtar, ochtar, naonúr, deichniúr***	*Níor chuala mé an fheadóg.* *Tá brón orm, níor chuala mé an fheadóg.* *Tá / Níl mé réidh / ullamh.* *duine, beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear* *Tá _____ againn.* *Níl go leor againn.* *X, tar anseo, le do thoil.*

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

d) Páiste nó páistí gan grúpa: beidh orthu gníomhaíocht a dhéanamh ar feadh 10 seicind. (ag rith ar an spota, ag léim, ag bogshodar, jumping Jacks, srl) e) Ar aghaidh le gach duine arís ag rith. **Fearas:** feadóg	***Cé mhéad duine sa ghrúpa seo?*** ***An mó duine sa ghrúpa seo?*** ***Tá _____ sa ghrúpa.*** *(beirt, ceathrar, seisear, cúigear, triúr, duine amháin)* ***Níl _____ againn.*** *Tá deich soicind agat / agaibh – déan gníomh.* *Bí / Bígí ag _____. (ag rith, ag léim, ag scipeáil,…….) aon, dó, trí ceathair, cúig, sé, seacht, ocht, naoi, deich.* *Cad atá / a bhí á dhéanamh agat / agaibh?* *Tá mé/ Táimid /Bhí mé / Bhíomar ag _____.*	*Cad a dhéanfaidh mé?* *Tá / Bhí mé ag _____.* *Cad a rinne tú?* *Thit mé. Tá mo chos / lámh tinn.* *Tá pian i mo _____* *Bhí X ag pleidhcíocht.* *An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas.* *Tá X ag caoineadh. Thit sé/sí.* *Bhuail siad in aghaidh a chéile.*
Prionta sa Timpeallacht	***duine beirt, triúr, ceathrar, cúigear, seisear, seachtar, ochtar, naonúr, deichniúr*** ***Cé mhéad? (duine)*** ***An mó duine sa ghrúpa seo?*** ***Tá _____ sa ghrúpa.*** ***Níl _____ againn.***	***Thit mé.*** ***Tá mo chos / lámh tinn.*** ***Tá pian i mo _____***

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE

Teanga Mholta	*Maith thú! Maith sibh!* *Maith an buachaill / fear. Maith an cailín / an bhean.* *Maith thú / sibh!* *Go maith.* *An-iarracht.* *Go han-mhaith. Go hiontach.* *Ar fheabhas.*	

CDU
CURRICULUM DEVELOPMENT UNIT
AONAD FORBARTHA CURACLAIM
MARY IMMACULATE COLLEGE